

Meitheal Forbartha Cheol na hArdteistiméireachta	Meitheal Forbartha – Cruinniú 4: DÁTA: 13.01.2025 Cur Síos Gairid
Mír ar an gClár	Nótaí
Fáilte, Miontuairiscí agus Nuashonruithe	Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh bhaill na Meithle Forbartha chuig an gcruinniú. Glacadh leis na miontuairiscí ón gcruinniú deireanach. Thug an Feidhmeannas nuashonrú maidir leis an gCáipéis Eolais agus an próiseas comhairliúcháin ar líne.
Plé maidir leis an gCáipéis Eolais agus an Treoir	Phléigh baill na Meithle Forbartha an Cháipéis Eolais agus an Treoir go mion.
Scóip na bPríomhinniúlachtaí a Mheas	Phléigh an mheitheal sonraí maidir le príomhinniúlachtaí in ábhar a tiomsaíodh ón gcruinniú roimhe sin. Ina dhiaidh sin, mheas agus phléigh an mheitheal an phríomhinniúlacht ‘Smaointeoireacht agus réiteach fadhbanna’.
Struchtúr na sonraíochta agus torthaí foghlama	Phléigh an Mheitheal Forbartha struchtúir fhéideartha a d’fhéadfaí a chur i bhfeidhm maidir le sonraíocht ábhair athfhorbartha do Cheol na hArdteistiméireachta, bunaithe ar a gcuid oibre go dtí sin. Thosaigh an mheitheal ar chleachtas scópála ansin chun tús a chur le ceapadh torthaí foghlama.
Aon Ghnó Eile agus na dátaí don chéad chruinniú eile.	An Chéad Chruinniú Eile: 05.02.2025